Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
X, Instagram,
YouTube, LinkedIn
Email: immunisation@hse.ie

Chuig: Tuismitheoirí de chuid leanaí i rang a 6
Trí Ríomhphost Amháin
Uimhir Thagartha: NIO.08.05.26.01 Bealtaine 2026

Vacsaíní le haghaidh leanaí sa chéad bhliain

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Is é is cúis leis an litir seo ná eolas a roinnt maidir leis na vacsaíní a dtairgfear do do leanaí agus iad sa mheánscoil an bhliain seo chugainn.

Tairgtear na vacsaíní seo a leanas do leanaí sa chéad bhliain den mheánscoil:

- Vacsaín HPV
- Vacsaín Tdap agus
- Vacsaín MenACWY

Tugann na vacsaíní sin cosaint dóibh ó ghalair dhíobhálacha.

Tá bileog curtha le chéile againn ar a dtugtar “Vacsaíní chun do leanbh a chosaint ar HPV, MenACWY agus Tdap” ina gcuimsítear eolas maidir leis na vacsaíní a mbeidh ar fáil do do leanbh agus iad sa chéad bhliain den mheánscoil an Meán Fómhair beag seo. Molaimid duit an t-eolas sa bhileog seo a léamh, ceangailte leis an litir seo.

Soláthróidh foirne vacsaínithe scoile FSS na vacsaíní le linn cuairte ar scoil do linbh. Tabharfaidh do leanbh pacáiste toilithe abhaile leis/léi ina m(h)ála scoile agus iad sa chéad bhliain agus molaimid duit súil a choinneáil amach don phacáiste sin, an t-eolas a bheidh ann a léamh agus an fhoirm thoilithe a chomhlánú ar son do linbh agus í a sheoladh ar ais chuig a scoil sa chlúdach a sholáthrófar.

Má tá aon cheisteanna agat faoi chlár vacsaínithe scoile FSS nó faoi vacsaíní le haghaidh do leanbh molaimid duit cuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin www.hse.ie nó labhair le gairmí sláinte iontaofa.

Le meas,

_____

Dr Lucy Jessop
Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta,
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447

Vacsaíní chun do pháiste a chosaint

HPV, MenACWY agus Tdap

Eolas do thuismitheoirí le páistí atá ag tosú sa mheánscoil

COSAIN COISC IMDHÍON

Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service

Tairgtear trí vacsaín chun do pháiste a chosaint ar ghalair thógálacha.

- **Vacsaín HPV** a thugann cosaint ar an víreas HPV a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse agus le faithní na mball giniúna
- **Vacsaín mheiningeacocúil ACWY** a thugann cosaint ar cheithre chineál meiningítis (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus/nó ar seipticéime (nimhiú fola) a thagann ó ghalar meiningeacocúil.
- **Vacsaín Tdap a** thugann cosaint ar na rudaí seo a leanas:
  - teiteanas (d'fhéadfadh tocsain teiteanais a bheith ina cúis le freangaí pianmhara matáin agus le trithí)
  - diftéire (baictéir a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le scornach thinn agus le mórdheacrachtaí análaithe) agus
  - an triuch

HPV: Tugann sí cosaint ar ailse

MenACWY: Tugann sí cosaint ar mheiningíteas

Tdap: Tugann sí cosaint ar bhaictéir dhíobhálacha

Tugtar eolas faoi gach vacsaín thuasluaite agus faoi na víris agus na baictéir ar a dtugann siad cosaint sa chéad chuid eile.

Vacsaíní HPV

Cad is HPV ann?

Is ionann HPV agus 'papalómaivíreas daonna', ar ghrúpa de bhreis is 100 víreas é. Bíonn HPV ina chúis le 99% d'ailse cheirbheacs. Tá an víreas an-choitianta agus féadann tú é a fháil trí bheith gníomhach go gnéasach le duine a bhfuil an víreas air/uirthi cheana féin. Tá ionfhabhtú an-choitianta i measc na mná agus na bhfear araon, gheobhaidh níos mó ná 80% de dhaoine ionfhabhtú HPV ina saolré. É sin ráite, i gcás daoine áirithe, leanann ionfhabhtú HPV air agus bíonn sé ina chúis le hailse. Is cúis le HPV 1 as 20 ailse ar fud an domhain.

Tugtar an vacsaín HPV i níos mó ná 165 tír chun cosc a chur le hailsí

Bíonn HPV ina chúis le hailse amháin as gach 20 ceann ar fud an domhain

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta (CCNI) gur chóir do gach páiste idir 12-13 bliana d'aois an vacsaín HPV a fháil i gclár vacsaínithe na scoile ionas go gcosnófar iad ó ailsí de bharr HPV nuair is daoine fásta iad.

Tá clár vacsaíne HPV ag breis is 165 tír anois, agus an vacsaín á tabhairt do **bhuachaillí agus do chailíní** ag breis is 85 de na tíortha seo. Áirítear leis na tíortha sin an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Nua-Shéalainn.

Cé na hailsí eile le cois ailse cheirbheacs, lena mbíonn HPV ina chúis?

Deir NIAC go bhfuil nasc idir ionfhabhtú HPV agus ailse cheirbheacs, faighne agus pite i measc na mban agus ailse an chinn agus an mhuineál (cúl an scornach, lena n-áirítear bonn na teanga agus na dtonnaí) agus ailse anasach i bhfir agus mná, agus ailse phéinis i bhfir. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an víreas HPV bheith ina chúis le raon de loit réamhailseacha – cealla mínormalacha – i measc na bhfear agus na mban araon.

Bíonn an víreas HPV ina chúis le:

- 99% d'ailsí cheirbheacs
- 9 n-ailse tóna as gach 10 gcinn a bhaineann le HPV
- 7 n-ailse faighne as gach 10 gcinn
- 5 n-ailse pite as gach 10 gcinn

Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV a bheidh de dhíth ar mo pháiste?

Molann NIAC nach bhfuil ach aon dáileog amháin den vacsaín HPV ag teastáil ó fhormhór na ndaoine tríd an gclár vacsaínithe scoile.

Mholtar trí dháileog den vacsaín HPV do dhaoine a bhfuil imdhíon-lagaithe (a bhfuil córas imdhíonachta lag acu). Caithfear plé a dhéanamh ar seo le dochtúir do pháiste.

Tá an vacsaín HPV faighte ag níos mó ná 590,000 dalta in Éirinn agus ag 100 milliún duine ar fud an domhain.

Vacsaín MenACWY

Céard is galar meiningeacocúil ann?

Is tinneas tromchúiseach é galar meiningeacocúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le seipticéime (nimhiú fola), agus d'fhéadfadh duine bás a fháil dá bharr.

D'fhéadfadh galar meiningeacocúil teacht ar dhuine go han-tapa ar fad.

Ar na hairíonna a bhaineann leis, tá fiabhras, muineál righin, tinneas cinn, pianta sna hailt, agus gríos.

D'fhéadfadh galar meiningeacocúil tarlú ag aois ar bith, ach tá ráta is airde an ghalair le fáil i measc páistí atá níos óige ná 5 bliana d'aois, go háirithe páistí níos óige ná aon bhliain d'aois. Is é an chéad ghrúpa eile atá go mór i mbaol ná daoine óga atá idir cúig bliana déag agus naoi mbliana déag d'aois.

Cén fáth ar chóir do mo pháiste an vacsaín meiningeacocúil MenACWY a fháil anois?

Tairgeadh vacsaín ghalar meiningeacocúil ghrúpa C do gach páiste nuair a bhí siad ina leanaí. Laghdaítear an imdhíonacht i leith galar meiningeacocúil de réir a chéile, áfach, agus mar sin moltar teanndáileog a fháil anois chun cosaint bhreise a chur ar fáil. Cuirfidh an vacsaín mheiningeacocúil ACWY le cosaint do pháiste i leith ghalar meiningeacocúil ghrúpa C, agus cuirfidh sí cosaint bhreise ar fáil i leith ghrúpaí meiningeacocúla A, W agus Y.

Vacsaín Tdap

Beidh an cúrsa críochnaithe nuair a bheidh 5 dháileog faighte agat

Céard is Tdap ann?

Seasann Tdap do theiteanas, diftéire agus pertussis (an triuch).

D'fhéadfadh **teiteanas** a bheith ina chúis le freangaí ginearálaithe pianmhara matáin, freangaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le deacrachtaí anála agus le bás. Is galar tromchúiseach é **diftéire** a thosaíonn, de ghnáth le scornach thinn agus a d'fhéadfadh forbairt go sciobtha chun deacrachtaí anála a chruthú. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don chroí agus don néarchóras freisin.

Is galar é an **triuch** a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tréimhsí fada casachta agus tachta a fhágann go mbíonn sé deacair anáil a fháil. Is galair thromchúiseacha iad na hionfhabhtaithe sin go léir agus b'fhéidir go gcaithfí do pháiste a thógáil isteach san ospidéal dá mbarr. Ar an gceann is measa, d'fhéadfadh siad a bheith ina gcúis báis.

Cé mhéad dáileog den vacsaín Tdap atá de dhíth ar mo pháiste?

Tairgeadh vacsaíní i leith teiteanais, diftéire agus an treacha do **gach uile pháiste** nuair a bhí siad ina leanaí, agus arís nuair a bhí siad sna Naíonáin Shóisearacha. Laghdaítear an imdhíonacht i leith diftéire, teiteanais agus an treacha de réir a chéile, mar sin moltar **teanndáileog** a fháil anois chun cosaint bhreise a chur ar fáil.

Go dtí seo, ba cheart go mbeadh ceithre dháileog de vacsaín teiteanais, diftéire agus treacha faighte ag do pháiste – is é sin:

- 3 dháileog mar leanbh
- teanndáileog nuair a bhí sé nó sí sna Naíonáin Shóisearacha

Is í seo an cúigiú dáileog agus an dáileog dheireanach, agus tabharfaidh sí cosaint fhadtréimhseach dóibh.

Ceisteanna ginearálta a d'fhéadfadh a bheith agat…

An bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá. Tá gach vacsaín sábháilte agus tá sé léirithe go sábhálann siad beathaí agus go gcoisceann siad tinneas tromchúiseach. Déanann comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireacht dhocht agus athbhreithniú ar vacsaíní go minic, comhlachtaí lena n-áirítear:

- an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

Tá tuairisciú leanúnach á thabhairt ag na comhlachtaí idirnáisiúnta ar fad go bhfuil na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte agus nach bhfuil siad ina gcúis le haon fho-iarmhairtí fadtéarmacha.

An bhfuil fo-iarmhairtí ag baint le na vacsaíní?

Ní bhíonn fadhb ar bith ag an gcuid is mó de dhaltaí tar éis vacsaíní.

Tá sé coitianta, áfach, le páistí áirithe, pian, at agus an craiceann a bheith dearg san áit ar tugadh an t-instealladh. Ní gá a bheith buartha faoi sin agus is gnách go n-imíonn sé sin tar éis lá nó dhó.

D'fhéadfadh tinneas cinn, tinneas boilg nó beagán fiabhrais teacht ar dhaltaí áirithe. Má tharlaíonn sé sin, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dó nó di.

Tharlóidh sé ó am go chéile go mbraithfidh daltaí tinn agus go dtiocfaidh lagar orthu tar éis a n-insteallta. Chun nach dtarlóidh sé sin, tabharfaidh an fhoireann comhairle do dhaltaí suí síos agus a scíth a ligean ar feadh 15 nóiméad tar éis an vacsaín a fháil.

Is **rí-annamh** a mhúsclaíonn vacsaíní frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach agus tá na foirne vacsaínithe scoile oilte chun cóir leighis a chur ar aon fhrithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tabhair cuairt ar **www.hse.ie** i gcomhair réimse leathan eolais, lena n-áirítear físeáin agus bileoga fíricí faoi na vacsaíní.

Gheobhaidh tú naisc leis na bileoga eolais d'othair le haghaidh na vacsaíní a úsáidtear sa chlár ag **www.hse.ie**

Más rud é go bhfuil tuilleadh ceisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, le ball de d'fhoireann vacsaínithe scoile FSS. Tá sonraí ar fáil ar leathanach gréasáin Vacsaíniú Áitiúil FSS: **www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/contact-a-local-immunisation-officer-lio/**

Céard a tharlóidh anois?

Nuair a thosóidh do pháiste ar an meánscoil, gheobhaidh sé nó sí pacáiste faisnéise mionsonraithe agus foirm toilithe. Ní mór duit an **fhoirm toilithe a shíniú** agus í a sheoladh ar ais chuig an scoil chun a chinntiú go bhfaighidh do pháiste na vacsaíní ar scoil.

Is í an Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS a chruthaigh an bhileog seo. Dáta foilsithe: Bealtaine 2026.